Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11661/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0228 (NLE)**

**UK 117**
**TRANS 516**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Iúil 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 363 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar a mhéid a bhaineann leis na sonraíochtaí teicniúla agus nós imeachta maidir leis an úsáid a bhaineann an Ríocht Aontaithe as Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('IMI') agus an ranníocaíocht lena chostais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 363 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 363 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.7.2022
COM(2022) 363 final

2022/0228 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar a mhéid a bhaineann leis na sonraíochtaí teicniúla agus nós imeachta maidir leis an úsáid a bhaineann an Ríocht Aontaithe as Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('IMI') agus an ranníocaíocht lena chostais**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Molann an Coimisiún go mbunóidh an Chomhairle an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar, a bunaíodh leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe sa chomhar riaracháin faoi Airteagal 6 de Roinn 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, agus méid agus módúlachtaí na ranníocaíochta airgeadais a dhéanfaidh Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh i leith an chostais a ghintear mar gheall ar a rannpháirtíocht i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

Bunaíodh Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012[1]. Le ceann amháin dá fheidhmiúlachtaí, is féidir dearbhuithe maidir le postú a phróiseáil faoi rialacha Threoir 96/71/CE, Threoir 2014/67/AE agus Threoir (AE) 2020/1057. Is é is aidhm do na rialacha sin liosta dálaí oibre a bhunú nach mór a dheonú d'oibrithe ar postú sa tír óstach. In Iarscríbhinn 31 (Airteagal 6(1) pointe (a) de Roinn 2 de Chuid A den Iarscríbhinn sin) a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe (TCA), foráiltear gur cheart d'oibreoirí atá bunaithe i gceann amháin de na páirtithe sa Chomhaontú Trádála agus Comhair dearbhú maidir le postú a chur faoi bhráid údaráis náisiúnta inniúla an Pháirtí eile nó, i gcás an Aontais Eorpaigh, údaráis náisiúnta inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an tiománaí ar postú. Chun na críche sin, ón 2 Feabhra 2022 ar aghaidh, caithfear úsáid a bhaint as leagan caighdeánach ilteangach den chomhéadan poiblí atá nasctha le IMI.

De bhun Airteagal 7(5) de Roinn 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, ba cheart don Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar na sonraíochtaí teicniúla agus na sonraíochtaí nós imeachta a leagan síos maidir leis an úsáid a bhaineann an Ríocht Aontaithe as Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI). Sa Chinneadh atá beartaithe ón gCoiste Speisialaithe, tá na sonraíochtaí is gá chun nascadh na n-oibreoirí bóthair agus na n-údarás náisiúnta le IMI a cheadú. Leis sin, beidh na hoibreoirí in ann a ndearbhuithe maidir le postú a chur isteach trí IMI agus beidh na húdaráis náisiúnta in ann páirt a ghlacadh sa chomhar riaracháin, rud a bhfuil gá leis chun cuspóirí na rialacha maidir le tiománaithe a phostú a bhaint amach. Rinneadh na sonraíochtaí sin a oiriúnú ó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2179[2] ón gCoimisiún do chreat an Chomhaontaithe Trádála agus Chomhair.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú le glacadh cinnidh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar, i gcomhréir leis an dréachtchinneadh atá i gceangal leis an togra seo.

---

[1] IO L 316, 14.11.2012, lch. 1.

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2179 ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2021 maidir le feidhmiúlachtaí an chomhéadain phoiblí atá nasctha le Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh i dtaca le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar (IO L 443, 10.12.2021, lch. 68).

## 4. BUNÚS DLÍ

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí ón gComhairle lena leagtar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

An cinneadh a iarrtar ar an gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige. Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Comhaontaithe Trádála agus Comhair a fhorlíonadh ná a leasú. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atáthar a mholadh.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Is iomchuí an cinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh tar éis a ghlactha.

2022/0228 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar a mhéid a bhaineann leis na sonraíochtaí teicniúla agus nós imeachta maidir leis an úsáid a bhaineann an Ríocht Aontaithe as Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('IMI') agus an ranníocaíocht lena chostais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Mar a leagtar amach in Airteagal 6(1), pointe (a) de Roinn 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, ba cheart d'oibreoirí atá bunaithe sa pháirtí eile dearbhú maidir le postú a chur faoi bhráid údaráis inniúla an Pháirtí, nó i gcás an Aontais Eorpaigh, údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an tiománaí ar postú, agus úsáid á baint ón 2 Feabhra 2022 ar aghaidh as leagan chaighdeánach ilteangach den chomhéadan poiblí atá nasctha le Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('IMI') a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Maidir le húdarás inniúil, féadfaidh aon chomhlacht atá bunaithe ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil agus atá cláraithe in IMI agus a bhfuil freagrachtaí sonracha air a bhaineann le cur i bhfeidhm forálacha dlíthiúla áirithe a bheith ann.

(2) Mar a leagtar amach in Airteagal 6(1), pointe (c), an dara fomhír de Roinn 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, le IMI, ceadaítear freisin iarrataí a dhéanamh ar chúnamh ó údaráis inniúla an Pháirtí bunaíochta nó, i gcás an Aontais, ó údaráis inniúla an Bhallstáit bunaíochta, i gcás nach gcuireann an t-oibreoir an doiciméadacht a iarradh isteach laistigh d'ocht seachtaine ó dháta na hiarrata.

(3) Féadfaidh tríú tíortha IMI a úsáid má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 23 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 agus ar choinníoll go nglacann an tríú tír dá dtugtar rochtain ar IMI páirt i gcostais oibriúcháin IMI.

(4) Mar a leagtar amach in Airteagal 7(5) de Roinn 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, ba cheart don Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar na sonraíochtaí teicniúla agus na sonraíochtaí nós imeachta a leagan síos maidir leis an úsáid a bhaineann an Ríocht Aontaithe as IMI. Tá gá leis na sonraíochtaí sin chun nascadh na n-oibreoirí bóthair agus na n-údarás náisiúnta le IMI a cheadú, agus ar an gcaoi sin chun go mbeidh na hoibreoirí in ann a

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún (IO L 316, 14.11.2012, lch. 1).

ndearbhuithe maidir le postú a chur isteach agus chun go mbeidh na húdaráis náisiúnta in ann páirt a ghlacadh sa chomhar riaracháin a dtugtar tuairisc air in aithrisí 1 go 3e. Chuir an tAontas Eorpach na sonraíochtaí sin chun feidhme trí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2179 ón gCoimisiún[4].

(5) Mar a leagtar amach in Airteagal 7(6) de Roinn 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, ba cheart do gach páirtí páirt a ghlacadh i gcostais oibriúcháin IMI. Ba cheart don Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar na costais a bheidh le híoc ag gach Páirtí a chinneadh. Is gá, dá bhrí sin, méid agus módúlachtaí na ranníocaíochta airgeadais atá le déanamh ag an Ríocht Aontaithe le buiséad ginearálta an Aontais i leith an chostais a ghintear mar gheall ar a rannpháirtíocht in IMI a chinneadh. Beidh dhá chuid sa ranníocaíocht airgeadais: costais forbartha (íocaíocht aonuaire) agus costais chothabhála bhliantúla (ranníocaíocht bhliantúil).

(6) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar a bhunú.

(7) Ionas go mbeifear in ann na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go tráthúil, ba cheart an Cinneadh a theacht i bhfeidhm ar an dáta a ghlacfar é,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar, a bunaíodh le hAirteagal 8(1), pointe (o) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, a mhéid a bhaineann leis na sonraíochtaí teicniúla agus nós imeachta maidir leis an úsáid a bhaineann an Ríocht Aontaithe as Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) agus cinneadh na gcostas a bheidh le híoc ag an Ríocht Aontaithe, beidh an seasamh sin bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Foilseofar Cinneadh an Choiste Speisialaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

4 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2179 ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2021 maidir le feidhmiúlachtaí an chomhéadain phoiblí atá nasctha le Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh i dtaca le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar (IO L 443, 10.12.2021, lch. 68).

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

**1. 1. AINM AN TOGRA:**

Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar i dtaca leis na sonraíochtaí teicniúla agus nós imeachta a bhaineann leis an úsáid a bhaineann an Ríocht Aontaithe as Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI).

**2. LÍNTE BUISÉID:**

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim):

6 6 3 'Treoirthionscadail, gníomhaíochtaí ullmhúcháin, sainchearta agus gníomhaíochtaí eile' (AS MOVE);

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana lena mbaineann: EUR 319 039,00

*(i gcás ioncaim shannta amháin):*

Sannfar na hioncaim don líne chaiteachais seo a leanas:

02 20 04 01 'Gníomhaíochtaí tacaíochta don chomhbheartas iompair, slándáil iompair agus cearta paisinéirí lena n-áirítear gníomhaíochtaí cumarsáide' (AS MOVE)

**3. TIONCHAR AIRGEADAIS**

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

X Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam

X Tá tionchar airgeadais ag an togra ar ioncam sannta

Is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

*(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil)*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam[5][6] | Tréimhse XX mí dar tús ll/mm/bbbb *(más infheidhme)* | 2022 |
|---|---|---|---|
| 6 6 3 | *Tá* | | 0,32 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Líne ioncaim | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |

5 Is gá gur meastachán, atá bunaithe ar an bhfoirmle nó ar an modh a shainítear faoi roinn 5, iad na méideanna in aghaidh na bliana. Le haghaidh na bliana tosaigh, is gnách go n-íoctar an méid bliantúil gan laghdú nó pro rata.

6 I gcás acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de chostais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 6 6 3 | 0,09 | 0,09 | 0,09 | 0,1 | 0,1 |

*(I gcás ioncaim shannta amháin, ar choinníoll gurb eol an líne bhuiséid cheana):*

| Líne chaiteachais[7] | 2022 | 2023 |
|---|---|---|
| 02 20 04 01 | 0,32 | 0,09 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Líne chaiteachais | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
| 02 20 04 01 | 0,09 | 0,09 | 0,09 | 0,1 | 0,1 |

## 4. BEARTA FRITHCHALAOISE

Cuireann AS MOVE na prionsabail frithchalaoise a eascraíonn as Straitéis Frithchalaoise 2019 an Choimisiún i bhfeidhm (COM(2019) 196 final).

Ghlac AS MOVE straitéis frithchalaoise áitiúil athbhreithnithe in 2020. Tá Straitéis Frithchalaoise MOVE bunaithe ar mheasúnú riosca sonrach a rinneadh go hinmheánach chun teacht ar na réimsí is mó atá i mbaol calaoise a shainaithint, na rialuithe atá i bhfeidhm cheana agus na bearta is gá chun feabhas a chur ar chumas AS MOVE calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú.

Leis na forálacha conarthacha is infheidhme maidir le soláthar poiblí agus le dámhachtain deontas, áirithítear gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin, lena n-áirítear OLAF, iniúchtaí agus seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, agus úsáid á baint as na forálacha caighdeánacha a mholann OLAF. Na heintitis iontaoibhe éagsúla a d'fhéadfaí AS MOVE bainistíocht a caiteachais a chur de chúram orthu, cuireann siad cineálacha cur chuige inchomparáide frithchalaoise i bhfeidhm.

## 5. BARÚLACHA EILE

Tá dhá chineál ranníocaíochta airgeadais le híoc ag an Ríocht Aontaithe:

(1) Méid aonuaire, ní íocfar táille iontrála EUR 232 835 ach uair amháin. Ríomhadh an méid sin bunaithe ar chostais iomlána forbartha an chomhéadain phoiblí (An Chúloifig) atá nasctha le IMI (an Oifig Thosaigh) agus úsáidfear é chun na feabhsuithe is gá ar an gcóras a chumhdach.

(2) Costais fhoriomlána chothabhála bhliantúla Oifig Thosaigh IMI agus na Cúloifige maidir leis an modúil a bhaineann le tiománaithe a phostú, a íocfar gach bliain: 86 204

[7] Nach bhfuil le húsáid ach amháin más gá.

Déanfar an dá ranníocaíocht ón Ríocht Aontaithe dá dtagraítear in Airteagal 5 den DRÉACHTCHINNEADH UIMH. X/2022 ÓN gCOISTE SPEISIALAITHE UM IOMPAR DE BHÓTHAR a leithdháileadh ar líne bhuiséid 02.200401 AS MOVE. Déanfaidh AS MOVE an méid iomlán a chomhtharmligean chuig DIGIT, mar fhorbróir córais chun costais forbartha agus chothabhála a bhaineann leis an oifig thosaigh agus leis an gcúloifig a chumhdach, agus léireofar na feabhsuithe ar cheart na costais a chaitheamh orthu tar éis comhaontú idir AS MOVE agus AS GROW.